www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2014**

# Irish

## Assessment Unit AS 2

## Section A

*assessing*

## Listening

**[AI121]**

**FRIDAY 10 JANUARY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, January 2014
Irish, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

*Marcas:* Bhuel, a Shíle, is fada ó chonaic mé thú. Cad é mar a bhí an samhradh agat?

*Síle:* Bhí samhradh den chéad scoth agam. Thaistil mé féin agus an chuid eile de na girseacha as mo rang Gaeilge chun na Gaeltachta i mí Lúnasa. Bhí muid ag stopadh ag muintir na háite.

*Marcas:* Cad chuige a ndeachaigh sibh chun na Gaeltachta?

*Síle:* Mar atá a fhios agat, tá an-dúil againn sa Ghaeilge agus deis iontach a bhí ann ár gcuid Gaeilge a chleachtadh. Bhí bean an tí an-fhoighneach agus thar a bheith cairdiúil. Bhí an teach breá mór agus bhí an bia ar fheabhas.

*Marcas:* An raibh tú ábalta muintir na háite a thuiscint?

*Síle:* Bhí siad measartha soiléir. Mhínigh mé dóibh go raibh mé ag foghlaim na Gaeilge agus labhair siad go mall mar gheall air sin. Caithfidh mé a rá go raibh siad iontach foighneach agus thar a bheith cairdiúil.

*Marcas:* Chuala mé go bhfuil an ceantar Gaeltachta galánta. Cad é mar a bhí an áit a raibh sibhse ag stopadh ann?

*Síle:* Áit ar dóigh a bhí ann. Is ceantar iargúlta ciúin é. Tá loch mór i lár an bhaile agus tig leat sléibhte agus aibhneacha a fheiceáil san áit. Níl ach siopa amháin agus teach tábhairne amháin sa cheantar, áfach.

www.xtrapapers.com

*Marcas:* Cad é mar a bhí an aimsir?

*Síle:* Ar an drochuair, ní raibh an aimsir thar mholadh beirte. Bhí sé ag stealladh anuas an t-am ar fad. Ní bhfuair muid deis dul chun na trá agus bhí díomá orm faoi sin. Cibé ar bith, a Mharcais, cad é a rinne tú féin i rith an tsamhraidh? An raibh tú sa Spáinn arís?

*Marcas:* Ar an drochuair, ní dheachaigh an teaghlach thar lear i mbliana. Tharla timpiste do m'athair ag an obair agus ní raibh sé ábalta dul ar bord eitleáin de bhrí gur ghortaigh sé a dhroim. Chuaigh muid go Dún na nGall ar feadh deireadh seachtaine, a bhí go breá, ach b'fhearr liom dul thar lear, ar ndóigh.

*Síle:* An bhfuil tú ag dúil le dul ar ais ar scoil?

*Marcas:* Tá, cinnte. Tá mé ag dúil le gach duine a fheiceáil arís. Bhí mé sásta go leor le mo chuid torthaí ach beidh orm staidéar níos fearr a dhéanamh i mbliana má tá mé le háit a fháil ar ollscoil. Cad fútsa? An bhfuil tú ag dúil le dul ar ais?

*Síle:* Ní miste liom ach, mar a deir tú, beidh orm luí isteach ar an obair fosta. Caithfidh mé gráid mhaithe a fháil i mbliana. Beidh orm imeacht anois. Is féidir go bhfeicfidh mé ar scoil amárach thú.

*Marcas:* Is féidir é, a Shíle. Slán go fóill!

*Síle:* Slán, a Mharcais.

www.xtrapapers.com

Question 2

Rinneadh suirbhé an mhí seo caite a scrúdaigh mí-iompar i measc páistí óga ar scoil. Dúirt trian de na múinteoirí a ceistíodh go raibh taithí de chineál éigin acu ar mhí-iompar ar bhonn rialta sa seomra ranga.

Dúirt príomhoide meánscoile nach raibh meas madaidh ag cuid de na páistí trioblóideacha ar mhúinteoirí sa lá atá inniu ann. Dúirt sí fosta go gcuireann na páistí seo isteach go mór ar na páistí eile sa seomra ranga atá ag iarraidh bheith ag foghlaim. Chuir an príomhoide an locht ar chuid de na tuismitheoirí. Mhaígh sí fosta go bhfuil an dearcadh ag an phobal gurb iad na páistí, a bhfuil cúlra an lucht oibre acu, is mó is cúis leis an fhadhb. Ní aontaíonn sí leis an dearcadh seo ar chor ar bith. Dúirt sí go bhfuil cuid de na páistí, a bhfuil cúlra meánaicmeach acu, millte sa bhaile agus gurb iadsan is measa in amanna ó thaobh mhí-iompair de.

Ghlac breis agus ocht gcéad múinteoir páirt sa suirbhé agus dúirt a mbunús go síleann siad go bhfuil fadhb an mhí-iompair ag dul ó smacht. Dúirt cuid acu go raibh taithí phearsanta acu ar ionsaithe foréigneacha ar scoil. Dúirt triúr a ceistíodh go raibh orthu am a ghlacadh saor óna gcuid oibre de dheasca ionsaithe.

Thug urlabhraí thar ceann an Roinn Oideachais le fios nach dtig le múinteoirí bheith ag teagasc mar is ceart agus nach dtig le daltaí bheith ag foghlaim mar is ceart má bhíonn mí-iompar ag tarlú sa seomra ranga. Bíonn idir mhúinteoirí agus dhaltaí thíos leis, dar leisean.

Dúirt an tAire Oideachais féin gur thuig sé an scéal agus go bhfuil comhoibriú idir múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí an-tábhachtach, agus gurb é an comhoibriú an dóigh is fearr le dea-iompar a chothú sa seomra ranga. Dúirt sé fosta go raibh mionlach i gceist a bhí trioblóideach sa seomra ranga agus mhol sé tromlach na ndaltaí a bhí béasach, múinte agus dícheallach, dar leis.

This is the end of the recording.

*Source: Arna aistriú as suíomh Idirlín an BBC, 30ú Márta 2012.*